An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine

# **An Cúlchiste Náisiúnta (Feirmeoir Óg/Iontrálaí Nua) agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021**

# **Ceisteanna Coitianta**

**C. Rinne mé an t-iarratas ar líne, conas is eol dom gur seoladh ar aghaidh é?**

F. A luaithe a sheol tú d'iarratas ar aghaidh trí iNet, beidh taifead ar an iarratas le feiceáil faoi 'Comhfhreagras' agus moltar d'iarratasóirí/gníomhairí Comhfhreagras a chuardach lena dheimhniú gur éirigh le hiarratasóir an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh. Is é an taifead seo an t-aon chruthúnas gur seoladh iarratas ar aghaidh a nglactar leis trí iNet faoin gCúlchiste Náisiúnta agus/nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021. Ní dhéanfar breithniú ach ar iarratais atá líonta go hiomlán agus a seoladh ar aghaidh.

**C. Níl mé cláraithe ar agfood.ie, an féidir leagan páipéir den fhoirm iarratais a sheoladh ar aghaidh?**

F. Níl aon áis ar fáil chun cruachóip d'iarratais ar an gCúlchiste Náisiúnta nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga a sheoladh ar aghaidh. Caithfear gach iarratas a sheoladh ar aghaidh ar líne trí agfood.ie. I gcás daoine nach bhfuil cláraithe faoi láthair, is féidir teacht ar threoracha ar www.agfood.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le: An Deasc Chabhrach Seirbhísí Ar líne in Oifig na Roinne i bPort Laoise, trí ghlaoch ar Ghlao Áitiúil 057 8674422 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig agfood@agriculture.gov.ie

**C. An mbaineann an dáta deiridh a leagtar amach sna Téarmaí agus Coinníollacha leis an iarratas amháin?**

F. Ba cheart an cháipéisíocht tacaíochta go léir a sheoladh roimh an dáta deiridh a luaitear.

**C. Rinne mé iarratas ar m'uimhir thréada/uimhir thréada reatha a aistriú ach níor ceadaíodh m'iarratas go fóill. Ní féidir liom clárú ar agfood.ie dá bharr, cén roghanna atá ar fáil dom?**

F. Sa chás nár sannadh uimhir thréada ag dáta an iarratais faoin gCúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga, tá áis ar fáil trí iNet go seolfaidh Gníomhairí cláraithe Talmhaíochta na hiarratais siúd ar aghaidh.

**C. An féidir liom cruachóipeanna den cháipéisíocht tacaíochta a sheoladh ar aghaidh?**

F. Níl aon áis ann chun cruachóipeanna de cháipéisíocht tacaíochta a sheoladh ar aghaidh. Ba cheart an cháipéisíocht tacaíochta go léir sin a uaslódáil ar agfood.ie faoi na míreanna ábhartha.

**C. Conas a dhéanfaidh an Roinn comhfhreagras liom?**

F. Déanfaidh an Roinn an comhfhreagras go léir a bhaineann le hiarratas ar líne trí iNet. Seolfar teachtaireacht téacs chuig an iarratasóir lena chur in iúl dóibh go bhfuil comhfhreagras ón Roinn ar fáil ar iNet. Seolfar ríomhphost chuig an ngníomhaire cláraithe don iarratasóir freisin lena chur in iúl go bhfuil comhfhreagras ar fáil.

**C. Cén cáipéisí is gá dom a sheoladh ar aghaidh chun tacú le hioncam amach ón bhfeirm?**

F. I measc na gcáipéisí a theastaíonn, tá an cháipéisíocht a sholáthair Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an mbliain chánach 2019 nó 2020, cosúil le Achoimre ar Shonraí Fostaíochta, P60, P21 nó Foirm 11 (ach d'fhéadfadh cáipéisí eile a bheith i gceist freisin). Tá ar iarratasóirí cáipéisí a sheoladh ar aghaidh chun an bhliain chánach iomlán a roghnaítear a chumhdach – i.e. 52 seachtain in 2019 nó 2020.

Tá íocaíochtaí áirithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, Liúntas Cuardaitheora Poist, Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Réamhscoir, Liúntas Leasa Forlíontach, Sochar Máithreachais,

Sochar Cuardaitheora Poist agus Liúntas Fiontraíochta Gearrthéarmach inríofa mar ioncam amach ón bhfeirm. Caithfidh iarratasóirí ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí a sholáthar ina leagtar amach sonraí faoi na híocaíochtaí siúd nó ina ndeimhnítear nach bhfuarthas aon íocaíochtaí den saghas sin. Ina thaobh seo, is féidir le hiarratasóirí na ráitis siúd a ghiniúint ón áis mywelfare.ie a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil nuair a chláraíonn siad do Chárta Seirbhísí Poiblí. Tá sonraí faoin bpróiseas iarratais ar Chárta Seirbhísí Poiblí ar fáil ar www.mywelfare.ie

**C: Ní raibh cónaí orm in Éirinn in aon chinn de na blianta tagartha maidir le hioncam amach ón bhfeirm, an gá dom fianaise a sholáthar faoi m'ioncam amach ón bhfeirm fós féin?**

F: Is gá - tá ar iarratasóirí fianaise a sholáthar faoina n-ioncam amach ón bhfeirm gan aird ar an dlínse ina raibh cónaí orthu ag an tráth. Beidh orthu comhionann na gcáipéisí ioncaim amach ón bhfeirm sa dlínse sin a theastaíonn do bhliain ioncam a sholáthar.

**C. An mbeidh orm cóip a sholáthar de mo chuntais feirme?**

F. Ní bheidh. Ní bheidh ort sonraí ach faoi ioncam amach ón bhfeirm a sheoladh ar aghaidh.

**C. An nglactar le ráiteas ó mo Chuntasóir nó duillín pá mar chruthúnas i leith ioncaim amach ón bhfeirm?**

F. Ní ghlactar. Ní ghlactar le ráiteas ó Chuntasóir mar chruthúnas i leith ioncaim amach ón bhfeirm. Ní ghlactar, ach chomh beag, le duillín pá mar chruthúnas i leith ioncaim amach ón bhfeirm.

**C. Tá mé féinfhostaithe, cén cháipéisíocht is gá dom a sheoladh ar aghaidh mar chruthúnas i leith ioncaim amach ón bhfeirm?**

F. Lena thaispeáint go bhfuil tú cáilithe faoi thairseach na teorann ioncaim, beidh ort cáipéisíocht ioncaim a sheoladh, Foirm 11 líonta san áireamh (d'fhéadfadh cáipéisíocht eile a bheith i gceist freisin).

**C. Oibrí ÍMAT mé, cén cháipéisíocht is gá dom a sheoladh ar aghaidh mar chruthúnas i leith ioncaim amach ón bhfeirm?**

F. Lena thaispeáint go bhfuil tú cáilithe faoi thairseach na teorann ioncaim, beidh ort cáipéisíocht ioncaim a sheoladh, Achoimre ar Shonraí Fostaíochta nó P60 / P21 (d'fhéadfadh cáipéisíocht eile a bheith i gceist freisin).

**C. Bhí mé in oideachas lánaimseartha, cén cháipéisíocht is gá dom a sheoladh ar aghaidh?**

F. Lena thaispeáint go bhfuil tú cáilithe, ba cheart do mhic léinn tríú leibhéal ráiteas ó Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) a sholáthar. Ba cheart do scoláirí a bhí ag freastal ar oideachas dara leibhéal litir a sholáthar ó phríomhoide na scoile ina ndeimhnítear go raibh siad ag freastal ar an scoil.

**C. Ní raibh mé fostaithe, cén cháipéisíocht is gá dom a sheoladh ar aghaidh?**

F. Lena thaispeáint go bhfuil tú cáilithe, beidh ort cáipéisíocht ioncaim a sheoladh, cáipéisíocht tacaíochta a sholáthraíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim/ ráiteas ina dtugtar sonraí faoi íocaíochtaí na Roinne Coimirce Sóisialaí san áireamh (d'fhéadfadh cáipéisíocht eile a bheith i gceist freisin).

**C. Bronnadh teidlíochtaí agus/nó breisiú ar luach teidlíochtaí reatha orm faoi Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) roimhe seo; an ndéanann seo mé a dhícháiliú ó Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) 2020?**

F. Ní cháilítear iarratasóir go ndéanfar breithniú orthu faoi Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) 2020 mar gheall gur éirigh leo iarratas a dhéanamh ar Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) (2005-2014).

Má d'éirigh leis an iarratas a rinne tú ar Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) don bhliain 2015, 2017, 2018, 2019 nó 2020, áfach, ní cháilítear thú go ndéanfar breithniú ort faoi Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) 2020.

**C. An gá uimhir thréada a bheith agam nó a bheith cláraithe ar chomhuimhir thréada chun iarratas a dhéanamh ar Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) 2020?**

F. Tá uimhir thréada chláraithe le bheith ag iarratasóirí chun cáiliú don Chúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga. Caithfidh iarratais ar uimhir thréada, nó go gcuirfear san áireamh thú in uimhir thréada reatha, a bheith faighte ag an Oifig Tréidliachta Ceantair (DVO) faoin 17 Bealtaine 2021.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara, má dhéantar ainm a chur le/a bhaint ó uimhir thréada reatha, má dhéantar aonán dlíthiúil a athrú, má dhéantar comhpháirtíocht feirme chláraithe a chruthú/a scaoileadh nó má dhéantar aon leasú eile ar shonraí cláraithe uimhir thréada faoin raibh teidlíochtaí á sealbhú in 2020, is gá sonraí cláraithe na dteidlíochtaí a athrú freisin. Sna cásanna siúd, caithfear iarratas ar aistriú teidlíochtaí a sheoladh ar aghaidh faoin 17 Bealtaine 2021, nó ní bheidh na teidlíochtaí ar fáil don aistrí lena n-úsáid in 2021 agus eiseofar Buníocaíocht 2021 don aistreoir.

**C. Iontrálaí Nua cáilithe mé i ngrúpa (Comhpháirtíocht/Comhuimhir Thréada/Cuideachta) le feirmeoirí nach gcáilíonn mar iontrálaithe nua. An bhfuil an grúpa cáilithe faoin gCúlchiste Náisiúnta?**

F. Níl. I gcomhréir le Rialachán an AE, níl grúpaí ach ina bhfuil Iontrálaithe Nua san fheirmeoireacht, agus iad siúd amháin, cáilithe faoin gcatagóir Iontrálaí Nua den Chúlchiste Náisiúnta.

**C. D'éirigh le m'iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga in 2019 agus táim incháilithe don íocaíocht in 2021. An gá dom iarratas a sheoladh don bhliain 2021?**

F. Mura ndearnadh aon athruithe ar an uimhir thréada ó 2020 ar aghaidh, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga tríd an "ticbhosca" a úsáid ar an iarratas ar an Scéim Buníocaíochta nó trí www.agfood.ie

**C. D'éirigh le m'iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga in 2020 agus táim incháilithe iarratas a dhéanamh don bhliain 2021. Rinneadh athrú, áfach, ar an Uimhir Thréada ó 2020. An féidir liom rogha an "ticbhosca" a úsáid ar an Iarratas don Scéim Buníocaíochta 2021 chun iarratas a dhéanamh?**

F. Mar gheall go ndearnadh athrú ar an Uimhir Thréada ó 2020, ba cheart d'iarratasóirí incháilithe an áis iarratais ar líne a úsáid atá ar www.agfood.ie chun iarratas nua ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021 a sheoladh.

**C. D'éirigh le m'iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga in 2020 agus táim incháilithe iarratas a dhéanamh arís in 2021 ach níl rogha an "ticbhosca" ar fáil don ar an Iarratas ar an Scéim Buníocaíochta 2021. Conas a dhéanaim iarratas?**

F. Sna cásanna siúd, ba cheart d'iarratasóirí incháilithe úsáid a bhaint as an áis iarratais ar líne ar www.Agfood.ie chun iarratas nua ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021 a sheoladh.

**C. Conas is eol dom má bhaineann mo Cháilíochtaí Oideachais an caighdeán riachtanach amach?**

F. Is féidir teacht ar liosta cáilíochtaí oideachais inghlactha ag Aguisín A de Théarmaí agus Coinníollacha an Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga. Nuair atá cáilíocht bainte amach nó críochnaithe ag iarratasóir nach bhfuil san áireamh in Aguisín A, is gá don iarratasóir litir choibhéise a sheoladh ar aghaidh ó Teagasc ina ndeimhnítear go sásaíonn an cháilíocht oideachais a bhain an t-iarratasóir amach riachtanais na scéime.

**C. Ní bheidh cúrsa oideachais talmhaíochta, a mbronnfar cáilíocht talmhaíochta aitheanta/inghlactha ar a chríochnú, críochnaithe agam faoin 17 Bealtaine 2021. An bhfuil mé incháilithe?**

F. Caithfidh gur éirigh le hiarratasóirí cúrsa oideachais talmhaíochta a chríochnú ar Leibhéal 6 FETAC, nó a chomhionann, faoin 17 Bealtaine 2021 agus caithfidh siad cóip den cháilíocht seo (nó litir choibhéise Teagasc) a sheoladh ar aghaidh chun tacú lena n-iarratas. Má rinne iarratasóir an cúrsa oideachais a chríochnú go hiomlán faoin 17 Bealtaine 2021 ach murar deimhníodh go fóill cibé acu ar éirigh nó nár éirigh leo nó mura bhfuair siad deimhniúchán deiridh go fóill, caithfidh siad Leagan A den Fhoirm um Dheimhniú Oideachais a líonadh agus a sheoladh. Tá an fhoirm seo ar fáil lena híoslódáil ar an áis iarratais ar líne.

**Q. Is iarratasóir céaduaire mé in 2021 agus bhí mo chúrsa oideachais talmhaíochta le bheith críochnaithe go hiomlán faoin 17 Bealtaine 2021. Chuir an Coláiste síneadh leis an spriocdháta críochnaithe, áfach, mar gheall ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do bhriseadh amach COVID-19. An féidir liom iarratas a dhéanamh fós féin ar an gCúlchiste Náisiúnta / Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021?**

F. Mar gheall gurb iarratasóir céaduaire thú in 2021, má bhí do chúrsa oideachais talmhaíochta le bheith críochnaithe go hiomlán faoin 17 Bealtaine 2021, ach chuir an Coláiste síneadh leis an spriocdháta mar gheall ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do bhriseadh amach COVID-19, is féidir leat iarratas a dhéanamh fós féin ar na scéimeanna. Ba cheart d’iarratasóirí Leagan B den Fhoirm um Dheimhniú Oideachais a líonadh agus a sheoladh. Tá an fhoirm seo ar fáil lena híoslódáil ar an áis iarratais ar líne. Tabharfar an t-iarratas faoin scéim/na scéimeanna chun críche a luaithe a dheimhnítear go bhfuil do chúrsa oideachais críochnaithe go rathúil agus a luaithe a sheol tú do dheimhniú chuig an Roinn.

**C. Tá breis agus deimhniú amháin i gceist le mo cháilíocht oideachais. An gá dom gach deimhniú a sheoladh ar aghaidh nó an leor an deimhniú is déanaí a sheoladh ar aghaidh?**

F. I gcásanna áirithe, chun na cáilíochtaí oideachais a shásamh, teastaíonn meascán de dhá dheimhniú nó níos mó (mar shampla, dámhachtain neamhthalmhaíochta agus Teastas Sainchuspóra Leibhéal 5 FETAC i dTáirgeadh Ainmhithe agus Barr agus Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 FETAC i nGnó Feirme). Sna cásanna siúd, teastaíonn gach ceann de na trí theastas chun tacú leis an iarratas. Má theipeann ort gach ceann de na teastais a sheoladh, b’fhéidir nach n-éireoidh leis an iarratas.

**C. Níor eisigh coláiste i bPoblacht na hÉireann mo Theastas Cáilíochta Oideachais, an nglacfar leis seo?**

F. Beidh litir choibhéise ag teastáil agus ba cheart dó/di iarratas a dhéanamh leis an Oifigeach Oideachais in Teagasc ar an gcéanna.

**C.** **Má fhaighim leithdháileadh ó Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) in 2020 agus má fhaighim talamh bhreise in 2021, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh eile teidlíochtaí don talamh bhreise seo?**

F. Ní féidir, ní féidir le hiarratasóir ach leithdháileadh amháin a fháil ó Chúlchiste Náisiúnta na Scéime Buníocaíochta (an SBÍ) uair amháin. Ní dhéanfar breithniú ar iarratasóir a rinne iarratas rathúil in 2021 d'aon iarratas eile a dhéanfar in aon bhliain ina dhiaidh sin.

**C.** **Níl uimhir thréada agam faoi láthair. Conas a dhéanaim iarratas ar cheann?**

F. Chun iarratas a dhéanamh ar uimhir thréada, caithfidh tú Foirm ER 1 a líonadh. Ba cheart foirmeacha líonta a sheoladh chuig d'Oifig Tréidliachta Réigiúnach chomh maith le haon cháipéisíocht tacaíochta riachtanach.
Is féidir teacht ar na foirmeacha seo ag: https://www.gov.ie/en/service/f90f21-application-for-a-flockherd-number/?referrer=http://www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalwelfare/registrationofpremisesanimals/

Beidh sonraí faoi chuntas bainc le cur i gcuntas a ndéanfaidh an Roinn íocaíochtaí leis. Ba cheart an fhoirm (tá nasc thíos le hÚdarú chun Sonraí faoin gCuntas Bainc don Fheirmeoir a Chur leis/a Athrú) thíos a líonadh agus a sheoladh ar ais chuig An Rannóg Creidmheasa Dhírigh, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Ba cheart aon cheisteanna maidir le sonraí bainc a chlárú a chur ar an Rannóg Creidmheasa Dhírigh trí ghlaoch ar 049 4368283.
DIR-CR-AGR-GDPR Foirm Bainc agus Comhar Creidmheasa d'Íocaíochtaí Scéime Talmhaíochta

**C.** **Is mian liom m'uimhir thréada a leasú chun Feirmeoir Óg incháilithe a chur leis. Cad is gá dom a dhéanamh?**

F. Chun sonraí cláraithe uimhir thréada a athrú, caithfidh tú Foirm ER 1.1 a líonadh. Ba cheart foirmeacha líonta a sheoladh chuig d'Oifig Tréidliachta Réigiúnach chomh maith le haon cháipéisíocht tacaíochta riachtanach. Is féidir teacht ar na foirmeacha seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag: https://www.gov.ie/en/service/f90f21-application-for-a-flockherd-number/?referrer=http://www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalwelfare/registrationofpremisesanimals/ chomh maith le nóta eolais maidir le líonadh na bhfoirmeacha seo.

Má tá teidlíochtaí ann a bhaineann leis an uimhir thréada, beidh Foirm Aistrithe 2021 le líonadh a aistríonn teidlíochtaí ón mbunuimhir thréada chuig an uimhir thréada leasaithe ina n-áirítear an feirmeoir óg.

Beidh sé riachtanach freisin na sonraí faoin gcuntas bainc a leasú a ndéanfaidh an Roinn íocaíochtaí leis, mar gheall gur gá ainm an Fheirmeora Óig a chur san áireamh leis an ainm ar an gcuntas bainc. Ba cheart an fhoirm (tá nasc thuas le hÚdarú chun Sonraí faoin gCuntas Bainc don Fheirmeoir a Chur leis/a Athrú) a líonadh agus a sheoladh ar ais chuig An Rannóg Creidmheasa Dhírigh, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, An Cabhán. Ba cheart aon cheisteanna maidir le sonraí bainc a chlárú a chur ar an Rannóg Creidmheasa Dhírigh trí ghlaoch ar 049 4368283.

Má bhain tú tairbhe roimhe seo ó Scéim na bhFeirmeoirí Óga, má leasaigh tú d'uimhir thréada agus más mian leat leanúint le páirt a ghlacadh i Scéim na bhFeirmeoirí Óga, ba

cheart duit an áis iarratais ar líne ar www.agfood.ie a úsáid chun iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021 a sheoladh.

**C.** **An gá an Feirmeoir Óg a chur i dtaifead mar an maor (coimeádaí an tréada) má bhíonn comhuimhir thréada/Cuideachta/Comhpháirtíocht ann?**
F. Ní gá an Feirmeoir Óg a chur i dtaifead mar an maor, ach caithfidh úinéir cláraithe na huimhreach tréada a bheith ann/inti.

**C.** **Tá Feirmeoir Óg incháilithe cláraithe mar an maor maidir le m'uimhir thréada – ach níl sé/sí san áireamh leis an uimhir thréada. An sásóidh é seo coinníollacha cáilitheachta Scéim na bhFeirmeoirí Óga?**
F. Ní shásóidh sé, caithfidh an Feirmeoir Óg a bheith cláraithe ar an uimhir thréada.

**C.** **Táim cáilithe d'íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga bunaithe ar 30 teidlíocht a bheith curtha i ngníomh in 2020. Beidh 20 teidlíocht sa bhreis á gcur i ngníomh agam (i ndiaidh comhaontú léasa) in 2021. An gcáileoidh mé d'íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga bunaithe ach ar na 30 teidlíocht a bhí agam in 2020 nó bunaithe ar na teidlíochtaí breise le haghaidh 2021 freisin, faoi réir 50 teidlíocht, ar a mhéid?**
F. Cáileofar iarratasóirí rathúla d'íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga bunaithe ar gach teidlíocht a chuir siad i ngníomh i mbliain ar leith na scéime, faoi réir 50 teidlíocht, ar a mhéid. Sa chás seo, mar sin, cáileofar an Feirmeoir Óg bunaithe ar na 50 teidlíocht a cuireadh i ngníomh.

**C.** **D'éirigh le m'iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga in 2020 agus tá Talamh Lom bhreise faighte agam in 2021 nach bhfuil teidlíochtaí agam dó. An íocfar íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga liom in 2021 don talamh lom seo?**
F. Ní íoctar íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga in aghaidh gach heicteáir incháilithe a dhearbhaítear. Ina ionad sin, íoctar é in aghaidh na dteidlíochtaí atá ag an iarratasóir a cuireadh i ngníomh i mbliain na scéime. Ní íocfar íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga le hiarratasóirí rathúla ach bunaithe ar gach teidlíocht a chuir siad i ngníomh atá acu i mbliain ar leith na scéime, faoi réir 50 teidlíocht, ar a mhéid, fiú nuair a bhíonn níos mó heicteáir thalún ná teidlíochtaí acu.

**C.** **Cén luacháil a dhéanfar ar theidlíochtaí a leithdháilear ón gCúlchiste Náisiúnta?**
F. Socrófar luach teidlíochtaí a leithdháiltear ón gCúlchiste Náisiúnta, agus an luach ar a mhéadaítear teidlíochtaí reatha, ar an meánluach náisiúnta teidlíochtaí íocaíochta i mbliain an leithdháilte. Ba é an Meánluach Náisiúnta in 2020 thart ar €185.

**C.** **Níl úinéireacht agam ar an talamh a bheartaím a dhearbhú in 2021. An gá dom a thaispeáint go bhfuil comhaontú léasa téarma íosta agam don talamh agus an mbeidh orm cóip den léas a sholáthar?**
F. Is féidir le hiarratasóirí rathúla teidlíochtaí a fháil ar thalamh faoi úinéireacht, ar léas nó ar cíos. Ní gá d'iarratasóirí a thaispeáint go bhfuil léas téarma íosta ann ach is féidir fianaise dhoiciméadach a bhaineann le talamh ar a ndearnadh feirmeoireacht a iarraidh níos déanaí.

**C:** **Níl aon teidlíochtaí agam, an bhfuil mé incháilithe do Scéim na bhFeirmeoirí Óga?**
F: Íoctar Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar theidlíochtaí a cuireadh i ngníomh. Mura bhfuil teidlíochtaí agat, ar an ábhar sin, ní éireoidh le d'iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga.

**C. An féidir teidlíochtaí a aistriú ó thalamh chun talamh lom a chruthú ar mhaithe le hiarratas a dhéanamh ar an gCúlchiste Náisiúnta?**

F. Ní cheadaítear teidlíochtaí a bhaint ó thalamh ar mhaithe le talamh lom a chruthú ar féidir leithdháileadh ón gCúlchiste Náisiúnta a dhéanamh. Ceaptar go ngabhann an gníomh seo timpeall ar Rialacháin an AE a rialaíonn oibriú na scéime trí na coinníollacha a theastaíonn chun leithdháileadh ón gCúlchiste Náisiúnta a fháil.